

Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

– Poist Fostaíochta Ainmnithe –

Ráiteas i dtaobh Leasanna chun críocha Alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995

Comhlánaigh i gceannlitreacha móra le do thoil

Ainm:	
An Post a Shealbhaítear:	
Comhlacht Poiblí:	
Dáta Ceapacháin:	
An Tréimhse a Chuimsítear sa Ráiteas seo:	
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais:	

Maidir le gach ceann de na leasanna seo a leanas ar féidir a nochtadh, ba chóir duit aon leas a lua atá arna shealbhú **agatsa**, agus aon leasanna atá arna sealbhú, ar feadh d'eolais iarbhír, **ag do chéile¹, nó ag do pháirtneír sibhialta² nó ag leanbh leat, nó ag leanbh le do chéile**, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha³ a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna oifigiúla nó maidir lena gcomhlíonadh. **Ní gá méid nó luach airgid na leasanna a shonrú.** Tá nótaí míniúcháin ar chuid de na ráitis riachtanacha ag gabháil leis seo.

1. IONCAM OIBRE, ETC.

Ba chóir sonraí maidir le haon cheird, ghairm, fhostaíocht, slí bheatha, nó obair eile (seachas an post fostaíochta ar a bhfuil cur síos ar an gcéad leathanach den ráiteas seo), lenar bhain luach saothair ar mhó é ná €2,600 le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, a liostú anseo⁴.

Cur síos ar an Obair	Seoladh Gnó
<u>Tú féin:</u>	
<u>Céile nó Páirtneir Sibhialta nó Leanbh (ainm):</u>	

2. SCAIREANNA, ETC.

Ba chóir sonraí maidir le haon sealúchas scaireanna i gcuideachta⁵ shonrach, nó bannaí nó bintiúir de chuid na cuideachta nó aon infheistíochtaí den sórt sin inti nó i bhfiontar nó i ngnóthas eile sa chás gur mhó luach comhiomlán an tsealúchais ná €13,000 tráth ar bith le linn na tréimhse atá cuimsithe sa ráiteas seo, a liostú anseo⁶.

Cineál sealúchais	Áit Sealbhaithe	Cineál Gnó
<u>Tú féin:</u>		
<u>Céile nó Páirtneir Sibhialta nó Leanbh (ainm):</u>		

3. STIÚRTHÓIREACHTAÍ

Ba chóir sonraí maidir le haon stiúrthóireacht nó chúlstiúrthóireacht ar aon chuideachta a sealbhaíodh le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo a liostú anseo³.

Cineál Stiúrthóireachta	Seoladh Gnó	Cineál Gnó
<u>Tú féin:</u>		
<u>Céile nó Páirtneir Sibhialta nó Leanbh (ainm):</u>		

4. TALAMH (GAN TEACH PRÍOBHÁIDEACH SAN ÁIREAMH)⁷

Ba chóir sonraí a liostú anseo maidir le haon leas i dtalamh sa chás gur mhó luach an leasa sin ná €13,000 tráth ar bith le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, agus san áireamh –

- (i) aon chonradh a rinneadh chun talamh a cheannach, cibé acu ar íocadh nó nár íocadh éarlais nó páirtíocaíocht faoin gconradh; agus
- (ii) aon rogha arna sealbhú chun talamh a cheannach, cibé acu ar íocadh nó nár íocadh aon chomaoin maidir leis sin, nó talamh a ndearnadh rogha den sórt sin a fheidhmiú ina leith ach nach bhfuil tíolactha fós⁴.

Seoladh na Maoine	Feidhm na Maoine
<u>Tú féin:</u>	
<u>Céile nó Páirtneir Sibhialta nó Leanbh (ainm):</u>	

5. TAISTEAL, CÓIRÍOCHT, BÉILÍ, ETC.

Ba chóir sonraí maidir le saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht a soláthraíodh le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, a bhí saor in aisce nó ar phraghas ba lú ná an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála, a liostú anseo⁸.

<u>Cur Síos Iomlán</u>	<u>Ainm agus Seoladh an tSoláthraí</u>
<u>Tú féin:</u>	
<u>Céile nó Páirtneir Sibhialta nó Leanbh (ainm):</u>	

6. POIST EILE LE LUACH SAOTHAIR

Ba chóir aon phoist lenar bhain luach saothair mar bhrústocaire, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir um polaitíocht nó um ghnóthaí poiblí, a sealbhaíodh le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, a liostú anseo.

<u>Cur Síos Iomlán ar an bPost</u>	<u>Ainm agus Seoladh an Duine / na Cuideachta / na hEagraíochta</u>
<u>Tú féin:</u>	
<u>Céile nó Páirtneir Sibhialta nó Leanbh (ainm):</u>	

7. CONARTHAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba chóir sonraí a liostú anseo faoi aon chonradh inar pháirtí an duine lena mbaineann, nó a raibh leas aige nó aici ar aon slí eile ann, go díreach nó go hindíreach, chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d'Aire den Rialtas, nó do chomhlacht poiblí le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, más rud é gur mhó luach na n-earraí nó na seirbhísí a soláthraíodh ná €6,500 nó, sa chás gur soláthraíodh earraí nó seirbhísí eile faoi chonradh den sórt sin agus gur mhó ná €6,500 go comhiomlán a luach sin agus luach na n-earraí agus na seirbhísí réamhráite.

Cur Síos ar Chonradh agus Leas	Ainm agus Seoladh an Chonraitheora	Aire / Comhlacht Poiblí lena mBaineann
<u>Tú féin:</u>		
<u>Céile nó Páirtnéir Sibhialta nó Leanbh (ainm):</u>		

8. BRONNTANAIS, MAOIN & SEIRBHÍSÍ

Ba chóir sonraí maidir le:

- (i) haon bhronntanas a tugadh le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo⁹;
- (ii) maoin a soláthraíodh nó a tugadh ar iasacht, nó seirbhís a soláthraíodh don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, ar chomaoin nó chomaoineacha, nó ar phraghas nó praghsanna ar lú é nó iad ná an chomaoin tráchtála nó na comaoineacha tráchtála, nó an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála, de mhéid ba mhó ná €650; agus
- (iii) maoin a tugadh ar iasacht nó seirbhís a soláthraíodh don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, saor in aisce má ba mhó ná €650¹⁰ an chomaoin tráchtála nó na comaoineacha tráchtála, nó an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála;

a liostú anseo¹¹.

Cur Síos Iomlán ar Bhronntanas, ar	Ainm agus Seoladh an Bhronntóra, an
---	--

Mhaoin agus/nó ar Sheirbhís	tSoláthraí agus / nó an Iasachtóra
<u>Tú féin:</u>	
<u>Céile nó Páirtneir Sibhialta nó Leanbh (ainm):</u>	

9. LEASANNA EILE

Ag teacht le forálacha Alt 30 den Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995, is féidir ráitis dheonacha maidir le haon leasanna nach bhfuil sonraithe sa Dara Sceideal leis an Acht sin (i.e. seachas na cinn ag 1. go 8. thuas), agus atá **i do sheilbh nó i seilbh do chéile, i seilbh do pháirtneara sibhialta nó i seilbh linbh leat nó linbh le do chéile**, a liostú anseo má mheastar go bhféadfadh na leasanna sin tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna oifigiúla nó maidir lena gcomhlíonadh.

<u>Tú féin:</u>
<u>Céile nó Páirtneir Sibhialta nó Leanbh (ainm):</u>

TÁ TÚ FAOI OIBLEAGÁID LEAS ÁBHARTHA i bhFEIDHM OIFIGIÚIL A NOCHTADH

Tá mé ar an eolas faoi na hoibleagáidí a éilítear orm faoi Alt 18(2)(b) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995¹²

Síniú: _____

Dáta: _____

NÓTAÍ

¹ faoin bhfocal “céile” i ndáil le duine, ní chuimsítear céile atá ina c(h)ónaí as/aisti féin agus go leithleach ón duine.

² ciallaíonn “*páirtnéir sibhialta*” i ndáil le duine, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an *Achta um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010* ach ní chuimsítear faoi, páirtnéir sibhialta ata ina c(h)ónaí as/aisti féin agus go leithleach ón duine.

³ a d’fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh fheidhmeanna an poist fostaíochta nó maidir lena gcomhlíonadh de bhrí go bhféadfadh an comhlíonadh sin dul i gcion ar na leasanna sin chun sochar substaintiúil a bhronnadh nó a chosc ort nó ar do chéile, ar do pháirtnéir sibhialta nó ar leanbh leat nó ar leanbh le do chéile.

⁴ ní chuimsíonn “sealúchas” airgead i gcuntas reatha, i gcuntas taisce nó ina leithéid eile de chuntas in institiúid airgeadais.

⁵ ciallaíonn ‘*cuideachta*’ comhlacht corpraithe ar bith

⁶ is éard is brí le “cúlstiúrthóireacht” an post atá arna shealbhú ag duine ar cúlstiúrthóir é nó í faoi bhrí Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990, nó, i gcás comhlachta phoiblí nach cuideachta é (faoi bhrí Acht na gCuideachtaí 1963) agus atá sonraithe i bhfomhír (8), (9), (10), (11), nó (12), nó atá forordaithe chun críocha fhomhír (13) de mhír 1 den Chéad Sceideal leis an Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995, an post atá arna shealbhú ag an duine ar de réir a threoracha nó a orduithe is gnách le comhaltaí an chomhlachta feidhmiú, nó le comhaltaí an bhoird nó comhlachta eile a rialaíonn, a bhainistíonn, nó a riarann an comhlacht, feidhmiú

⁷ ach gan san áireamh aon leas i dtalamh ar teach cónaithe príobháideach an duine nó chéile an duine nó pháirtnéir sibhialta an duine é, is é sin le rá, foirgneamh nó cuid d’fhoirgneamh atá in áitíocht an duine, nó in áitíocht chéile an duine, nó in áitíocht linbh leis an duine nó le céile an duine, mar áit chónaithe ar leith agus aon ghairdín nó talamh eile atá in áitíocht de ghnáth leis an teach cónaithe, ar talamh é atá tánaisteach nó cúntach leis, agus ar gá é mar thaitneamhacht nó mar áis leis, agus nach bhfuil á úsáid nó á fhorbairt go príomha chun críocha tráchtála.

⁸ ach gan san áireamh:

- (a) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar
 - (i) laistigh den Stát, nó
 - (ii) le linn agus chun críocha:
 - chomhlíonadh fheidhmeanna an duine mar shealbhóir poist fostaíochta shainithe, nó
 - cheird, shlí bheatha, fhostaíocht, ghairm nó obair eile an duine (seachas sealbhóir poist fostaíochta ainmnithe);

- (b) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar don duine ag gaol nó ag páirtneir sibhialta nó ag cara leis an duine, nó do chéile an duine, nó do pháirtneir sibhialta nó do leanbh leis an duine nó do leanbh le céile an duine, sa chás gur bhronntanas don duine, agus ar chúiseanna pearsanta agus sin amháin, a rinneadh an soláthar sin, murar rud réasúnta é a shamhlú, dá nglacfaí leis na saoráidí sin, leis an gcóiríocht sin, leis na béilí sin, nó leis an tsiamsaíocht sin, go bhféadfadh an glacadh sin tionchar a imirt ar an duine agus é nó í ag comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar shealbhóir poist fostaíochta shainithe;
- (c) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna sholáthar don duine, uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, saor in aisce murar mhó ná €650 praghas tráchtála nó go comhiomlán praghsanna tráchtála na saoráidí, na cóiríochta, na mbéilí nó na siamsaíochta; nó
- (d) saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar don duine uair amháin nó níos mó ná uair amháin ag an duine céanna le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo, ar phraghas nó ar phraghsanna a bhí níos lú ná an praghas tráchtála nó na praghsanna tráchtála de mhéid nach mó ná €650.

² ach gan a chur san áireamh:

(i) bronntanas don duine ó ghaol nó ó pháirtneir sibhialta nó ó chara leis an duine nó le céile an duine nó le páirtneir sibhialta an duine nó le leanbh leis an duine nó le leanbh le céile an duine, ar chúiseanna pearsanta agus sin amháin, murar rud é dá nglacadh an duine an bronntanas go bhféadfadh sé tionchar ábhartha a imirt air nó uirthi agus é nó í ag comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar shealbhóir poist fostaíochta shainithe; agus

(ii) bronntanas a tugadh don duine, nó bronntanais a tugadh don duine ag an duine céanna, le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas, nár mhó luach nó luach comhiomlán na maoine ar ábhar an bhronntanais nó na mbronntanas é ná €650 tráth ar bith le linn na tréimhse a chuimsítear sa ráiteas seo.

¹⁰ seachas maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht, nó seirbhís arna soláthar do dhuine ag gaol ag páirtneir sibhialta nó ag cara leis an duine, nó le céile an duine, le páirtneir sibhialta nó le leanbh an duine nó le leanbh chéile an duine, sa chás gur bhronntanas don duine, agus ar chúiseanna pearsanta agus sin amháin, a bhí sa soláthar nó san iasacht sin, murar rud é dá nglacfaí leis an maoin nó an iasacht nó an tseirbhís go bhféadfadh an glacadh sin tionchar ábhartha a imirt air nó uirthi agus é nó í ag comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar shealbhóir poist fostaíochta shainithe.

¹¹ sa mhéid is go mbaineann na seirbhísí in (ii) agus (iii) le seirbhísí dlí nó leighis (lena n-áirítear seirbhísí síciatracha nó síceolaíocha), is leordhóthanach a rá gur soláthraíodh seirbhísí den sórt sin duit nó do dhuine (nach gá a shainithint) nach foláir duit ráiteas a thabhairt ina leith.

¹² i gcás ar bith ina mbeidh feidhm phost fostaíochta ainmnithe le comhlíonadh, agus ina mbeidh eolas iarbhír ag sealbhóir phost fostaíochta ainmnithe go bhfuil leas ábhartha i ní lena

mbaineann an fheidhm aige/aici féin nó ag duine gaolmhar, de réir bhrí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus alt 97 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010, ullmhóidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn maidir leis na firicí sin agus cuirfidh faoi bhráid an údaráis chuí don phost é, agus ní chomhlíonfaidh sé nó sí an fheidhm ach amháin má bhíonn cúiseanna dosháraithe ann a éilíonn air nó uirthi sin a dhéanamh. Má tá sé beartaithe aige/aici an fheidhm a chomhlíonadh, ullmhóidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn maidir leis na cúiseanna dosháraithe thuasluaite agus cuirfidh faoi bhráid an údaráis chuí don phost é.

Breis Eolais

Tá breis eolais ar riachtanais na nAchtanna um Eitic agus breis sainmhínithe cuí eile leagtha amach i dtreoirínte Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí do sheirbhísigh poiblí ar chomhlíonadh na bhforálacha sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001. Sa bhreis ar na treoirínte, féadfaidh seirbhísigh poiblí tuilleadh eolais nó comhairle a fháil ón gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (teil: 01 6785222; ríomhphost: sipo@sipo.gov.ie) ar fhoráil ar bith den reachtaíocht nó feidhmiú forála den sórt sin i gcás áirithe ar bith.

Designated positions of **18**.—(1) In this section "relevant authority", in relation to a person who occupies or occupied a designated position in a public body, means such person or persons as may stand determined for the time being by the Minister in relation to the position.

(2) A person who occupies or occupied a designated position in a public body—

(a) shall, subject to *section 20 (3)*, in each year during any part of which he or she occupies or occupied the position, prepare and furnish to the relevant authority for the position a statement in writing of—

- (i) the interests of the person, and
- (ii) the interests of which he or she has actual knowledge of his or her spouse or a child of the person or of his or her spouse, during the appropriate period specified in *section 20 (1)* which could materially influence the person in or in relation to the performance of the functions of the position by reason of the fact that such performance could so affect those interests as to confer on or withhold from the person or the spouse or child a substantial benefit, and

(b) in any case where such a function falls to be performed and he or she has actual knowledge that he or she or a connected person has a material interest in a matter to which the function relates—

- (i) shall, as soon as may be, prepare and furnish to the relevant authority a statement in writing of those facts,
- (ii) shall not perform the function unless there are compelling reasons requiring him or her to do so, and
- (iii) shall, if he or she proposes to perform the function, prepare and furnish to the relevant authority, before or, if that is not reasonably practicable, as soon as may be after such performance, a statement in writing of the compelling reasons aforesaid.

(3) (a) A person who, during any period, holds or held or occupies or occupied an office or position specified in *paragraph (b)* shall be deemed for the purposes of this Act to be a person who, during that period, occupies or occupied a designated position in a public body.

(b) The offices and positions referred to in *paragraph (a)* are—

- (i) the office of Comptroller and Auditor General,
- (ii) the office of Ombudsman,
- (iii) the office of Data Protection Commissioner,
- (iv) the office of Director of Consumer Affairs, and
- (v) such other (if any) offices or positions (other than the office of judge of any court) established by or

under statute as may (if, but only if, the Minister considers it necessary in the public interest to do so) be prescribed.

(c) *Subsection (4)* shall not apply to a person who holds or held an office specified in *subparagraphs (i) to (iv)* of *paragraph (b)*.

(4) There shall be deemed to be included in the terms of the employment of a person in a designated position referred to in *subsection (2)* a term that the person shall comply with that subsection.